Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 14 Deireadh Fómhair 2019**
**(OR. en)**

**13090/19**

**ELARG 46**
**CFSP/PESC 786**
**RELEX 923**
**NT 11**
**MAMA 159**
**SY 3**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 13058/19, 13059/19 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir leis an tSiria Thoir Thuaidh |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo na Conclúidí ón gComhairle maidir leis an tSiria Thoir Thuaidh mar a ghlac an Chomhairle (Gnóthaí Eachtracha) iad ar an 14 Deireadh Fómhair 2019.

## AN CHOMHAIRLE GNÓTHAÍ EACHTRACHA

## CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LEIS AN TSIRIA THOIR THUAIDH

1. Meabhraítear don Chomhairle dearbhú an 9 Deireadh Fómhair 2019 ón Ardionadaí thar ceann an Aontais Eorpaigh agus tathantaíonn sí an athuair ar an Tuirc scor den ghníomhaíocht mhíleata aontaobhach atá ar siúl aici sa tSiria Thoir Thuaidh agus a fórsaí a tharraingt siar.

2. Cáineann an tAontas gníomhaíocht mhíleata na Tuirce a bhfuil an bonn á bhaint go mór aici ó chobhsaíocht agus ó shlándáil an réigiúin ar fad agus a bhfuil sé de thoradh uirthi go bhfuil tuilleadh sibhialtach ag fulaingt agus á n-easáitiú agus go bhfuil bac mór á chur ar an rochtain ar an gcabhair dhaonnúil. Is lú i bhfad de dheasca na gníomhaíochta seo an seans go mbainfear síocháin amach sa tSiria leis an bpróiseas polaitiúil atá faoi stiúir na Náisiún Aontaithe. Ina theannta sin, tá an bonn á bhaint go mór ag an ngníomhaíocht sin ón dul chun cinn atá déanta go dtí seo ag an gComhghuaillíocht Dhomhanda chun Da'esh a Chomhrac, agus tá sé á chur i dtreis ag an gComhairle gur bagairt é Da'esh i gcónaí don tslándáil Eorpach agus do shlándáil réigiúnach agus idirnáisiúnta na Tuirce.

   Tá an tAontas Eorpach tiomanta i gcónaí d'aontacht, ceannasacht agus iomláine chríochach Stát na Siria. Ní féidir iad sin a áirithiú ach amháin trí fhíor-aistriú polaitiúil i gcomhréir le UNSCR 2254 agus le Communiqué na Ginéive 2012, a chaibidil páirtithe na Siria laistigh de phróiseas na Ginéive, faoi stiúir na Náisiún Aontaithe.

3. Is príomhpháirtí de chuid an Aontais Eorpaigh í an Tuirc agus is gníomhaí tábhachtach í maidir le géarchéim na Siria agus sa réigiún. Ní le gníomhaíocht mhíleata ba cheart aghaidh a thabhairt ar an méid atá ag déanamh imní don Tuirc ó thaobh na slándála de sa tSiria Thoir Thuaidh ach trí mhodhanna polaitiúla agus taidhleoireachta i gcomhréir leis an dlí daonnúil idirnáisiúnta.

4. Tá práinn leis na hiarrachtaí is gá don phobal idirnáisiúnta a dhéanamh, lena n-áirítear ar leibhéal Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, d'fhonn stop a chur leis an ngníomhaíocht aontaobhach mhíleata sin. Iarrann an Chomhairle go gcomórfaí cruinniú aireachta den Chomhghuaillíocht Idirnáisiúnta i gcoinne Da'esh chun aghaidh a thabhairt ar an dóigh le leanúint dá hiarrachtaí sa chomhthéacs atá ann faoi láthair.

5. Ós mar sin atá, agus ag cur san áireamh go bhfuil an ghníomhaíocht mhíleata, a bhfuil iarmhairtí uafásacha ag gabháil léi, fós ar siúl ag an Tuirc, meabhraítear don Aontas an cinneadh a rinne roinnt Ballstát ceadúnú an onnmhairithe arm chun na Tuirce a chur ar fionraí láithreach. Geallann na Ballstáit go gcloífidh siad le seasaimh náisiúnta láidre i dtaca lena mbeartas onnmhairithe arm chun na Tuirce ar bhonn Chomhsheasamh 2008/944/CFSP maidir le rialú ar onnmhairiú arm, agus go gcuirfidh siad i bhfeidhm go docht critéar 4 maidir le cobhsaíocht réigiúnach. Tiocfaidh an mheitheal ábhartha de chuid na Comhairle le chéile níos déanaí an tseachtain seo chun seasaimh na mBallstát maidir leis an ábhar seo a chomhordú agus a athbhreithniú.

6. Meabhraítear don Aontas nach soláthróidh sé cabhair um chobhsaíocht ná um fhorbairt i limistéir ina bhfuil neamhshuim á déanamh de chearta na bpobal áitiúil nó ina bhfuil sárú á dhéanamh ar na cearta sin. Tá iarrachtaí leanúnacha á ndéanamh ag an Aontas chun aghaidh a thabhairt ar an ngéarchéim thromchúiseach dhaonnúil dídeanaithe i bhfianaise na riachtanas atá ag teacht chun cinn.